An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh



Plean Straitéiseach 2007-2009

"ag cur chun cinn agus ag tacú

le folláine an teaghlaigh agus an phobail"



An Ghníomhaireacht Um Thacaíocht Teaghlaigh,
Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 611 4100
Facs: 01 676 0824
Idirlíon: www.fsa.ie

Baill Bhord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

Mícheál Uas. Ó Cinnéide AS	Cathaoirleach
Clare Uas. Cashman	Comhordaitheoir Tionscadail, Ionad Acmhainní na Mílaoise, Baile an Gharraí, Co.Thiobraid Árann
Paddie Uas. Connellan	Ball den Choiste Cuartaíochta Príosún, Banaltra, Cumhartheiripeoir agus Reifléacseolaí
Geoffrey Uas. Corry	Ionadaí Foirne
Helen Uas. Faughnan	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Angela Uas. Gaule	Idirghabhálaí Comhairleach agus Ball d'Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann
Rita Uas. Hayes	Ball de Choiste Cuairteoirí Príosúin agus bainteach le Comhairliúchán Méala
Dick Uas. Hickey	Stiúrthóir, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Naomh Bríde, Port Láirge
Ms. Maria Corrigan	Síceolaí agus Ball de Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
An Dr. Colm O'Connor	Síceolaí Cliniciúil agus Stiúrthóir, Ionad Comhairliúcháin Pósta Chorcaí
Bríd Uas. Rocks	Príomhoide, Scoil Uí Mhuirí, Dún Léire, Co. Lú, Diop. i gComhairliúchán agus Síciteiripe
Muriel Uas. Walls	Aturnae agus saineolaí dlí teaghlaigh, Baile Átha Cliath

Brollach

Is é seo an dara plean straitéise don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. D'fhorbair an bord an plean seo, a chlúdaíonn an tréimhse 2007-2009, i gcomhar le páirtithe leasmhara agus le foireann na Gníomhaireachta.

Cuideachta dhúthrachtach is ea an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, le feidhmeanna agus freagrachtaí atá deimhnithe go soiléir sa réimse seirbhísí teaghlaigh agus polasaí. Tugann sí le chéile cláracha agus seirbhísí i bhfabhar an teaghlaigh, a thug an Rialtas isteach le blianta beaga anuas. Tá freagracht, go sonrach, ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh as Clár Ionad Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail, Scéim Deontas d'Eagraíochtaí Deonacha agus Pobail maidir le Seirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Leanaí agus Méala Báis a sholáthar, chomh maith le hidirghabháil teaghlaigh do lánúineacha ar tí a scartha, agus eolas a sholáthar faoi chúrsaí a bhaineann lena cuid feidhmeanna féin.

Baineann fócas an phlean seo le comhtháthú agus le tógáil ar ar baineadh amach faoi Chéad Phlean Straitéise na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh. Sa chéad phlean, bhain an fócas le gníomhaireacht nua a thógáil. Tá an sprioc sin bainte amach againn. Tá an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ina gníomhaireacht reachtúil, lánfheidhmiúil, lánbhunaithe anois. Beidh fócas straitéis na Gníomhaireachta sna blianta atá romhainn ar thógáil ar an rath sin ar na dóigheanna seo a leanas: coigeartú a dhéanamh ar na cláracha reatha; an comhoibriú idir coda éagsúla na Gníomhaireachta a neartú, mar aon leis an gcomhoibriú idir í agus eagraíochtaí eile ag obair i réimsí gaolmhara; agus cur le cumas na heagraíochta.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do lucht foirne na Gníomhaireachta maidir lena ndúthracht gairmiúil agus a gcomhoibriú ag cabhrú le haistriú éifeachtach foirne agus feidhmeanna ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go dtí an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ó cuireadh bonn reachtúil leis.

Michael O'Kennedy
Cathaoirleach - An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Clár

1. Réamhrá 6

1.1 Feidhmeanna Reachtúla na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh 6

1.2 Misean 7

1.3 Luachanna 8

2. Timpeallacht 10

2.1 Timpeallacht Sheachtrach 10

2.2 Timpeallacht Inmheánach 11

2.3 Dúshláin os comhair na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh 12

3. Straitéis 14

3.1 Léargas ar Thosaíochtaí Straitéiseacha 14

3.2 Straitéis Ardleibhéil 14

4. Coraís agus Tacaíochtaí Eagraíochta 24

5. Straitéis 2007-2009 na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a Chur i bhFeidhm 28

5.1 An Straitéis a Chur i bhFeidhm 28

5.2 Eagraíocht na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a Thógáil 28

Aguisín

Feidhmeanna Reachtúla na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh 30

1. Réamhrá

1.1 Feidhmeanna Reachtúla na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

1.2 Misean

1.3 Luachanna

1. Réamhrá

Is é seo dara Plean Straitéiseach na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh.

1.1 Feidhmeanna Reachtúla na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

Is iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a bhfuil an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach astú:

1. Tacaíocht, cur chun cinn agus forbairt an Chláir um Ionaid Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail.
2. Tacaíocht, cur chun cinn agus forbairt na seirbhísí a sholáthraítear maidir le comhairliúchán um pósadh, caidreamh, leanaí agus méala báis.
3. Seirbhís Idirghabhála Teaghlaigh ar fud na tíre a sholáthar, chun cabhrú le daoine gafa le próiseas scartha nó colscartha, teacht ar réiteach nuair is féidir, go háirithe in aighnis a bhaineann le leanaí.
4. Taighde a choimisiúnú agus a stiúradh, maidir le cúrsaí a bhaineann le feidhmiú na Gníomhaireachta, nó ar cibé cúrsaí eile a iarrfaidh an tAire.
5. Ar iarratas ón Aire nó ar a conlán féin, comhairle, eolas agus cúnamh a sholáthar don Aire, i dtaca le forbairt gné ar bith d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta.
6. Eolas ar shaincheisteanna um pósadh agus le hoideachas caidrimh, le hidirghabháil teaghlaigh, le tuistiú agus le freagrachtaí teaghlaigh agus cúrsaí a bhaineann leo a chur chun cinn agus a scaipeadh, agus i dtaca leis sin comhoibriú leis na húdaráis áitiúla eolas a chur ar fáil chun cabhrú le daoine a bhfreagrachtaí oibre agus teaghlaigh a chothromú.

Tá forbairt mhór tagtha ar Chlár na Gníomhaireachta maidir le Seirbhísí Ionad Acmhainní Teaghlaigh agus Pobail. Ó cuireadh an Ghníomhaireacht ar bun i Mí na Bealtaine 2003, mhéadaigh líon na lárionad maoinithe ó 59 go 100. Mhéadaigh an maoiniú ó €6.98m i 2003 go €12.94 milliún i 2006. Tá na seirbhísí a sholáthraíonn na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh agus Pobail mar chrann taca ag meanma forbartha pobail agus prionsabal na cuimsitheachta, mar dhá rud atá ag croílár luachanna na Gníomhaireachta.

Riarann an Ghníomhaireacht maoiniú i gcomhair eagraíochtaí pobail agus deonacha a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh, caidreamh, leanaí agus méala báis tríd an "Scéim Deontas d'Eagraíochta Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Caidreamh, Leanaí agus Méala Báis". Tháinig méadú ar an maoiniú sin ó €7.009 milliún i 2003 go €9.01 milliún i 2006.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as idirghabháil teaghlaigh a chur ar fáil do lánúineacha scartha agus ar tí a scartha in Éirinn. Ag croílár na hoibre maidir le seachadadh na seirbhíse sin, tá a riachtanaí is a bhíonn sé cabhrú le daoine i mbun a scartha nó a gcolscartha teacht ar chomhaontú más féidir, go háirithe in aighnis a bhaineann le leanaí. Le 7 bliain anuas, d'fhás an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ó 2 aonad i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach go 16 ionad ar fud na tíre. D'fhás líon na lánúineacha ag dul go dtí an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ó 1,403 lánúin i 2003 go dtí 1,430 lánúin i 2005.

Réimse tábhachtach freagrachta de chuid na Gníomhaireachta is ea taighde maidir le cúrsaí a bhaineann lena feidhmeanna féin agus cibé cúrsaí eile a thograíonn an tAire a iarraidh. Déanfaidh an Ghníomhaireacht forbairt de réir a chéile ar fheidhm seo an taighde, agus beidh an dara céim den Chlár Taighde Teaghlach mar ghné thábhachtach de sin. Chuimsigh an Clár Taighde Teaghlach, a seoladh i 1999, ina bhfuil 14 tionscadal taighde maidir le téamaí a chlúdaigh gnéithe chomh héagsúil sin i saol an teaghlaigh mar an pósadh, teipeadh pósta, tionchar seirbhísí comhairliúcháin ar chaidreamh, leanaí agus agus scaradh a dtuismitheoirí, aithreacha, seanaithreacha agus seanmháithreacha agus gnásanna oibre a oireann don teaghlach. Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar chéim a haon, as ar eascair moltaí maidir le réimsí eile staidéir amach anseo.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as cur le tuiscint daoine maidir lena ról mar sholáthraí tábhachtach seirbhísí tacaíochtaí do theaghlaigh, agus as faisnéis a scaipeadh i dtaobh na réimsí sin a bhaineann lena feidhmeanna féin.

1.2 Misean

Leas an teaghlaigh agus an phobail a chur chun cinn trí mheán tacaíochtaí agus seirbhísí iomchuí a sholáthar do theaghlaigh.

1.3 Luachanna

Is iad na luachanna seo a leanas a mhúnlaíonn cultúr agus seirbhís na Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh.

Fócas ar an Teaghlach
Tacaíocht atá saindírithe ar theaghlaigh, ar an mbonn daingean gur rud tábhachtach bunúsach an teaghlach, agus go bhfuil teaghlaigh tábhachtach do dhaoine aonair, don phobal agus don tsochaí i gcoitinne.

Forbairt an Phobail
Tiomantas leanúnach do phrionsabail fhorbairt pobail, mar atá leagtha síos sa "Pháipéar Bán ar Chreat chun tacú le Gníomhaíocht Shaorálach agus le Forbairt an Chaidrimh idir an Earnáil Phobail agus Shaorálach agus an Stát".

Cuimsitheacht
Seirbhísí tacaíochtaí teaghlaigh ina dtugtar aitheantas agus urraim don éagsúlacht.

Éisteacht Thuisceanach
Oscailteacht a thugann éisteacht tuisceanach don teaghlach agus don duine aonair faoi rúndacht iomlán.

Seirbhísí Inrochtana
Doras oscailte do dhaoine aonair agus do theaghlaigh sa phobal le haghaidh seirbhísí tacaíochta inrochtana do theaghlaigh bunaithe ar riachtanais.

Tuiscint ar Luach Foirne
Tacaíocht agus infheistiú in oiliúint agus i bhforbairt fhoireann na Gníomhaireachta.

Páirtíochtaí Láidre
Páirtíochtaí láidre a chothabháil agus a thógáil leis na Gníómhaireachtaí agus leis na Ranna Rialtais a bhaineann le hábhar, leis na páirtithe sóisialta, le heagraíochtaí deonacha agus pobail agus le líonraí tacaíochta teaghlaigh in Éirinn.

Freagracht
Freagracht shoiléir agus fócas ar luach maith airgid maidir le bainistiú agus le seachadadh acmhainní agus seirbhísí.

2. Timpeallacht

2.1 Timpeallacht Sheachtrach

2.2 Timpeallacht Inmheánach

2.3 Dúshláin os comhair na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

2. Timpeallacht

Chruthaigh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a dara Plean Straitéiseach i gcomhthéacs timpeallachta dúshlánaí, idir sheachtrach agus inmheánach, atá ag athrú go gasta. I measc na ngnéithe is tábhachtaí den timpeallacht sin, tá:

2.1 Timpeallacht Sheachtrach

Le blianta beaga anuas tá **fás suntasach geilleagrach agus fostaíochta** in Éirinn. Chuir an méadú sin ar an rathúlacht feabhas ar chúinsí saol fhormhór na dteaghlach in Éirinn. Agus é sin ráite, tá gá i gcónaí le seirbhísí comhairliúcháin agus idirghabhála do theaghlaigh. Maidir le teaghlaigh áirithe, is amhlaidh a chuireann tionchar imeallach an fháis gheilleagraigh leis an mbrú agus leis an strus ina saol. I gcásanna áirithe, tháinig an méadú ar ioncam agus ar mhaoin phríobháideach gan méadú dá réir ar an mbonneagar sóisialta. Cuireann sé sin go leor daoine faoi bhrú go pearsanta, rud a imríonn tionchar ar a gcaidreamh agus ar a gclann.

Bíonn tionchar ag **athruithe déimeagrafacha agus sóisialacha** ar obair na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh, chomh maith. Tugeann inimirce isteach go hÉireann buntáistí geilleagracha agus sóisialta léi. Méadóidh an fás dá réir ar líon na dteaghlach, áfach, an riachtanas maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Ghníomhaireacht agus ar na seirbhísí dá dtugann sí tacaíocht. Caithfidh an Ghníomhaireacht seirbhísí agus tacaíochtaí dá réir a chur ar fáil i gcomhthéacs ilchultúrtha, ilteangach. Is féidir le hathruithe leanúnacha ar luachanna sóisialta agus ar na nithe lena mbíonn daoine ag súil brú de bhreis a chur ar chaidreamh idir daoine. Is féidir go gcuirfeadh athruithe ar fhormáid an aonad teaghlaigh leis an éileamh ar sheirbhísí. Ina theannta sin, tá tuairiscí ag teacht ó roinnt eagraíochtaí dá dtugann an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tacaíocht go bhfuil an brú sóisialta i dtreo an chaiteachais ag cur brú uafasach airgeadais ar theaghlaigh go leor.

Beidh ar an nGníomhaireacht agus ar na heagraíochtaí a dtugann sí tacaíocht dóibh leanúint dá n-infheistíocht sa **nua-theicneolaíocht**. Mar shampla, is féidir go mbeadh glacadh ag an nGníomhaireacht amach anseo le hiarratais ar líne maidir le deontais. Ag an am céanna, tuigeann an Ghníomhaireacht nach mbíonn ach rochtain ar éigin ag na grúpaí is leochaillí sa tsochaí ar an nua-theicneolaíocht. Ar an ábhar sin, leanfaidh an Ghníomhaireacht d'fhéachaint chuige go mbíonn faisnéis i dtaobh agus teagmháil le seirbhísí ar fáil trí mheáin níos traidisiúnta.

Bítear ag súil le **caighdeáin arda maidir le rialú corparáideach** ón nGníomhaireacht, agus ní mór di féachaint chuige go leanfar de na caighdeáin is airde ina cuid oibríochtaí.

Cur chuige le níos lú den chomhrac maidir le díospóidí teaghlaigh a réiteach, mar shampla, an cur chuige dá ngairtear "dlí an chomhoibrithe" a ghlacann roinnt cleachtóirí dlí teaghlaigh, ag teacht chun cinn. Is maith an ní é sin.

2.2 Timpeallacht Inmheánach

Tá Straitéis 2004-2006 na Gníomhaireachta curtha i gcrích, i ngeall ar fheabhas na hoibre agus na dúthrachta ag lucht foirne na Gníomhaireachta, i dtimpeallacht ar a sonraítear **éileamh níos mó ar an nGníomhaireacht agus ar a lucht foirne**. Mar a thugtar le fios thuas, beidh ag géarú ar an éileamh ar an nGníomhaireacht agus ar a lucht foirne amach anseo. Tá an Ghníomhaireacht ag glacadh anois le freagracht as seirbhísí áirithe airgeadais, riaracháin, acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise as a mbíodh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh freagracha ar bhonn eatramhach. Tosaíocht thábhachtach i gcomhair na Gníomhaireachta a bheidh ann, **dóthain lucht foirne agus acmhainní eile a fháil agus a imscaradh** is a theastóidh chun Plean Straitéiseach 2007-2009 a chur i gcrích.

Tá cuid de lucht foirne reatha na Gníomhaireachta ar iasacht ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Cuirfidh **deireadh leis na hiasachtaí thar thréimhse an Phlean Straitéisigh sin**. Déanfar an próiseas sin a bhainistiú i slí a chinnteoidh go mbeidh dóthain acmhainní foirne ar fáil le dóthain eolais agus scileanna chun oibleagáidí na Gníomhaireachta a chomhlíonadh.

Tá **an gaol idir Ionad Acmhainní Teaghlaigh agus Gníomhaireachtaí Tacaíochta ag fás** de réir mar a threisítear an bonn faoi na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh. Is gá an ról síor-athraithne sin a shoiléiriú i gcomhairle leis na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh agus na Gníomhaireachtaí Tacaíochta. Is gá soiléiriú a dhéanamh ar an ról a bhíonn ag na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh maidir le **polasaí áitiúil a chruthú** tríd an gClár um Rialtas Áitiúil Níos Fearr. Le blianta beaga anuas, tá na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh tar éis a gcuid gníomhaíochtaí a leathnú go dtí foirmeacha eile um chúram leanaí agus seirbhísí riachtanacha eile, ag freagairt do riachtanais na bpobal. Is gá an cumas atá ag na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh a fhorbairt a thuilleadh chun feidhmiú i ról **soláthraithe seirbhísí, chomh maith le heagraíochtaí forbartha pobail**.

Caithfidh an Ghníomhaireacht machnamh a dhéanamh maidir le forbairt a dhéanamh ar an Scéim Deontas i gcomhair eagraíochtaí deonacha agus pobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh, leanaí agus méala báis i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Roinn Airgeadais agus le haird ar na moltaí a rinenadh san athbhreithniú a cuireadh i gcrích i dtaobh na scéime i 2006.

Caithfidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh **cur lena próifíl phoiblí**, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a próifíl le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí eile.

Tá an taighde maidir le cúrsaí a théann i gcion ar theaghlaigh in Éirinn **ar leibhéal luath forbartha**. Tá teacht ag an nGníomhaireacht ar **eolas fíorluachmhar maidir le teaghlaigh** agus le cúrsaí a théann i gcion ar theaghlaigh ag amanna cinniúnacha ina saol agus ina gcúrsaí caidrimh, trí mheán na n-eagraíochtaí dá dtacaíonn scéimeanna agus cláracha na Gníomhaireachta agus a lucht leasmhara. Cuireann a rochtain ar na sonraí sin an Ghníomhaireacht i riocht uathúil, ag brath ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil, maidir le clár dinimiciúil taighde a fhorbairt maidir le taighde i dtaobh teaghlach in Éirinn.

2.3 Dúshláin os comhair na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

Ba é a bhí mar thosaíocht ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh le linn a Plean Straitéisigh tosaigh í féin a bhunú mar Ghníomhaireacht nua. Tugadh an obair sin i gcrích go rathúil. Eagraíocht lánfheidhmeach is ea an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh anois, a bhfuil scata clár rathúla á riaradh aici agus Seirbhís Eadrána Teaghlaigh á soláthar aici thar a réimse freagrachta. Is é an dúshlán is mó atá roimpi anois ná forbairt a dhéanamh ar a cumas eagraíochta, ag tógáil ar cé chomh maith is atá ag éirí léi, mar eagraíocht. Is iad na dúshláin is tábhachtaí atá roimpi le linn a dara Plean Straitéisigh ná:

- Tuilleadh forbartha ar an ról atá ag na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh mar sholáthraithe seirbhísí.
- Tuilleadh forbartha ar an ról atá ag na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh mar thaca leis an obair a bhíonn ar siúl ag eagraíochtaí eile reachtúla agus deonacha.
- An ról atá ag na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh i bhForbairt Pobail a chur chun cinn.
- Treisiú ar a gníomhaíochtaí tacaíochta tuismithe.
- Freastal ar an bhfás san éileamh ar eadráin teaghlaigh agus na seirbhísí sin a chur ar fáil i gcomhthéacs níos casta.
- Tuilleadh forbartha ar na seirbhísí a sholáthraíonn an líon mór eagraíochtaí dá dtugtar deontais chun comhairliúchán a chur ar fáil, agus comhtháthú ar an soláthar seirbhísí comhairliúcháin i suímh straitéiseacha timpeall na tíre.
- Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le hacmhainní agus le cumas eagraíochta.

3. Straitéis

3.1 Léargas ar Thosaíochtaí Straitéiseacha

3.2 Straitéis Ardleibhéil

3. Straitéis

3.1 Léargas ar Thosaíochtaí Straitéiseacha

Tá cúig cinn de thosaíochtaí straitéiseacha aitheanta ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, ag freagairt don timpeallacht, idir sheachtrach agus inmheánach, ina mbíonn sí ag obair agus do na dúshláin is tábhachtaí atá roimpi anois.

Tosaíocht Straitéiseach 1: Tacú le teaghlaigh agus iad a neartú trí sheirbhísí tacaíochta ar ardcháilíocht a sholáthar do theaghlaigh ar fud na tíre trí mheán na nithe seo leanas: gréasán Ionad Acmhainní Teaghlaigh, réimse seirbhísí comhairliúcháin le cúnamh deontas agus Seirbhís Eadrána Teaghlaigh.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Timpeallacht a chothú, mar thaca sa phobal do theaghlaigh i gcomhpháirt leis na hearnálacha pobail, deonacha agus reachtúla.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Cuir le héifeacht seirbhísí agus polasaí teaghlaigh trí thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar chúrsaí a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta, nó ar cibé cúrsaí eile a iarrfaidh an tAire.

Tosaíocht Straitéiseach 4: An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chur chun cinn mar phríomhsholáthraí seirbhísí tacaíochta agus faisnéise maidir le teaghlaigh in Éirinn.

Tosaíocht Straitéiseach 5: Eagraíocht éifeachtach, sholúbtha, chumasach a forbairt, le cultúr an bhróid, na nuálachta agus na feidhmíochta, a chothaíonn rannpháirtíocht agus forbairt phearsanta agus gairme ar gach leibhéal.

3.2 Straitéis Ardleibhéil

Is é is cuspóir don Straitéis seo treo, intinn, gníomhaíocht agus tomhas maidir leis an obair ardleibhéil a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh sna trí bhliain seo chugainn. Seasann na cúig Thosaíocht Straitéiseacha do threo ghinearálta na Gníomhaireachta. Déantar cur síos ina dhiaidh sin ar gach tosaíocht straitéiseach ó thaobh a hintinne, a gníomhaíochta agus a tomhais. Sa Straitéis seo, déantar iad sin a mhíniú trí mheán na nithe seo a leanas: Cuspóirí, Gníomhartha and Príomhthoscairí Feidhmíochta.

Tosaíocht Straitéiseach 1: Tacú le teaghlaigh agus iad a neartú trí sheirbhísí tacaíochta ar ardcháilíocht a sholáthar do theaghlaigh ar fud na tíre trí mheán na nithe seo leanas: gréasán Ionad Acmhainní Teaghlaigh, réimse seirbhísí comhairliúcháin le cúnamh deontas agus Seirbhís Eadrána Teaghlaigh.

Cuspóir 1: Tacú, cur chun cinn agus forbairt, maidir leis an gClár Ionad Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail.

Cuspóir 2: Tacú, cur chun cinn agus forbairt, maidir le soláthar seirbhísí den chéad scoth i gcomhairliúchán um pósadh, caidreamh, leanaí agus méala báis.

Cuspóir 3: Seirbhís Eadrána Teaghlaigh den scoth agus faoi rún a sholáthar do lánúineacha ar tí a scartha nó gcolscartha, go háirithe in aighnis a bhaineann le leanaí.

GNÍOMHARTHA

- Príomh-mhaoiniú a sholáthar i gcomhair ionad sa Chlár Ionad Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail.
- Gréasán reatha na n-Ionad Acmhainní Teaghlaigh a neartú agus a gcomhtháthu.
- An clár um Ionaid Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail a leathnú.
- Tacaíocht agus maoiniú a thabhairt d'eagraíochtaí pobail agus deonacha trí Scéim na nDeontas d'Eagraíochtaí Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Caidreamh, Leanaí agus Méala Báis.
- Obair in éineacht le soláthraithe seirbhísí comhairliúcháin pósta, caidrimh, leanaí agus méala báis, mar thaca le soláthar seirbhísí comhairliúcháin den scoth agus a leithéidí a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Féachaint chuige go gcuirtear idirghabháil teaghlaigh ar fáil do níos mó daoine ar fud na tíre trí chomhtháthú a dhéanamh ar na sé ionad eadrána teaghlaigh déag atá anois ann agus oifigí coimhdeacha a fhorbairt, mar thionscadail phíolóiteacha i dtosach.
- Cur le líon na n-idirghabhálaithe teaghlaigh, de réir mar is cuí leis an mbord agus scoth na hoiliúna a chur ar fáil dóibh trí Chuid II de Chlár Oiliúna in Idirghabháil Teaghlaigh.
- Caighdeáin iomchuí agus uirlisí éifeachtacha faireacháin a fhorbairt don Ghníomhaireacht, maidir le soláthar na gclár agus na seirbhísí sin.

PRÍOMHTHOSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

1. Luach an lármhaoinithe ar Ionaid Acmhainní Teaghlaigh sa Chlár um Ionaid Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail.
2. Líon na n-Ionad Acmhainní Teaghlaigh arna maoiniú faoi Chlár na Gníomhaireachta maidir le Seirbhísí Ionad Acmhainní Teaghlaigh agus Pobail.
3. Maoiniú in am trátha do na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh.
4. Luach an mhaoinithe i gcomhair i gcomhair eagraíochtaí pobail agus deonacha a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh, caidreamh, leanaí agus méala báis.
5. Líon na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh, caidreamh, leanaí agus méala báis dá dtugtar tacaíocht.
6. Maoiniú in am trátha do na heagraíochtaí pobail agus deonacha sin.
7. Tacaíocht, cur chun cinn agus forbairt ardchaighdeán maidir le soláthar seirbhísí comhairliúcháin um pósadh, caidreamh, leanaí agus méala báis.
8. An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh a leathnú, bunaithe ar riachtanas cruthaithe.
9. Líon na ndaoine ag dul chuig an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh, líon na n-idirghabhálacha arna gcur i gcríoch agus líon na seisiún eadrána arna reáchtáil.
10. Clár Oiliúna san Idirghabháil i gcomhair idirghabhálaithe á dtraenáil, nuair is gá.
11. Caighdeáin iomchuí agus uirlisí éifeachtacha faireacháin a fhorbairt le haghaidh na Ghníomhaireacht i gcomhairle lena lucht leasmhara maidir le soláthar na gclár.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Timpeallacht a chothú, mar thaca sa phobal do theaghlaigh i gcomhpháirt leis na hearnálacha pobail, deonacha agus reachtúla.

Cuspóir 4: Meanma forbartha pobail maidir le tacaíocht teaghlaigh a chur chun cinn trí an Chlár na Gníomhaireachta maidir le Seirbhísí Ionad Acmhainní Teaghlaigh agus Pobail.

Cuspóir 5: Caidreamh dearfach agus rannpháirtíochta a thógáil le heagraíochtaí deonacha, pobail agus reachtúla a sholáthraíonn tacaíocht do theaghlaigh.

Cuspóir 6: Gréasánú agus cleachtas is fearr a chur chun cinn sna hearnálacha sin.

GNÍOMHARTHA

- Leanúint den chumarsáid rialta le lucht leasmhara aitheanta lena mbaineann tábhacht.
- Gréasánú a chur chun cinn idir eagraíochtaí deonacha agus pobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh, caidreamh, leanaí agus méala báis.
- Gréasánú a chur chun cinn idir Ionaid Acmhainní Teaghlaigh.
- Úsáid á baint as na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh ag gníomhaireachtaí eile agus eagraíochtaí deonacha a chur chun cinn.
- Tacú le heagraíochtaí maoinithe féinmheasúnú a dhéanamh ar sholáthar clár.

PRÍOMHTHOSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

1. Próiseas leanúnach cumarsáide le príomhpháirtithe leasmhara.
2. Gréasán idir eagraíochtaí comhairliúcháin curtha ar bun, mar struchtúr.
3. Oibríocht leanúnacht struchtúr an ghréasáin a bhaineann le hIonaid Acmhainní Teaghlaigh.
4. Úsáid iomchuí á baint as na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh ag gníomhaireachtaí eile agus eagraíochtaí deonacha.
5. Líon na n-eagraíochtaí maoinithe a bhfuil próiseas féinmheasúnaithe acu.

Tosaíocht Straitéiseach 3 : Cuir le héifeacht seirbhísí agus polasaí teaghlaigh trí thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar chúrsaí a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta, nó ar cibé cúrsaí eile a iarrfaidh an tAire.

Cuspóir 7: Tabhairt faoi thaighde nó taighde a choimisiúnú maidir le cúrsaí a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta, nó ar cibé cúrsaí eile a iarrfaidh an tAire, le forbairt polasaithe agus seirbhísí teaghlaigh a fhoirmiú amach anseo.

Cuspóir 8: Cur chuige comhoibritheach a fhorbairt le páirtithe leasmhara i réimse an taighde ar shaincheisteanna teaghlaigh.

GNÍOMHARTHA

- Forbairt leanúnach, céim i ndiaidh céime, ar chlár taighde a mbeidh "Clár Taighde Teaghlach" céim a dó, a chuir an Ghníomhaireacht ar bun.
- Taithí phraiticiúil na Gníomhaireachtain maidir le hoibríocht a clár a úsáid mar thaca leis an gclár taighde.
- Féachaint chuige go mbeidh fáil ar a bhfuil ann de thaighde ábhartha faoi chúrsaí teaghlaigh trí chomhoibriú le heagraíochtaí eile a thugann do theaghlaigh.
- Athbhreithnithe ar chláracha reatha agus ar sheirbhísí reatha na na Gníomhaireachta, d'fhonn a n-éifeachtúlacht a chinntiú, d'fhonn eolas agus cúnamh a chur ar fáil don Aire, maidir le gné ar bith d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta a fhorbairt.
- Torthaí thaighde a úsáid agus a scaipeadh, mar mhaithe le forbairt polasaithe agus seirbhísí teaghlaigh amach anseo. Taighde úsáideach ag eagraíochtaí eile maidir le réimsí tuistithe agus oideachas caidrimh, ach go háirithe, a aithint agus a scaipeadh.
- Cáilíocht taighde urraithe ag an nGníomhaireacht a chinntiú.

PRÍOMHTHOSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

1. Urraíocht i gcomhair trí thionscadal taighde ar a laghad in aghaidh na bliana, trí choimisiúnú díreach nó trí mhaoiniú aontaobhach tionscadalnó trí mhaoiniú i gcomhair le heagraíochtaí eile.
2. Líon na n-athbhreithnithe a cuireadh i gcrích maidir le hoibriú chláracha reatha agus sheirbhísí reatha na Gníomhaireachta.
3. Próisis i bhfeidhm chun cáilíocht taighde a chinntiú ag gach céim de phróiseas.
4. Teagmháil leanúnach le heagraíochtaí eile, d'fhonn deiseanna a aithint maidir le comhoibriú i dtaobh ceisteanna taighde, agus an teagmháil sin arna forbairt.
5. Torthaí ábhartha taighde arna n-aithint agus arna scaipeadh mar is cuí.

Tosaíocht Straitéiseach 4: An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chur chun cinn mar phríomhsholáthraí seirbhísí tacaíochta agus faisnéise maidir le teaghlaigh in Éirinn.

Cuspóir 9: Faisnéis a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta a chur chun cinn agus a scaipeadh.

Cuspóir 10: Cur le feasacht is measc lucht leasmhara agus pobail, maidir le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh na Gníomhaireachta.

Cuspóir 11: Cur le forbairt ar pholasaí teaghlaigh trí chomhairle, trí eolas agus trí chúnamh a sholáthar don Aire i dtaca le forbairt ar fheidhm ar bith den Ghníomhaireacht.

GNÍOMHARTHA

- Suíomh idirlín na Gníomhaireachta a nuashonrú agus a fhorbairt.
- Eolas a fhógairt agus a scaipeadh, maidir le saincheisteanna a bhaineann le hoideachas um pósadh agus caidreamh, le hidirghabháil teaghlaigh, le tuistiú agus le freagrachtaí teaghlaigh agus cúrsaí gaolmhara.
- Eolas a sholáthar, i gcomhair le húdaráis eile, do dhaoine a chabhróidh leo cothromóid a bhaint amach idir a bhfreagrachtaí oibre agus teaghlaigh.
- Bealaí iomchuí eolais a úsáid chun ár bpáirtithe leasmhara agus an pobal a chur ar an eolas maidir le seirbhísí na Gníomhaireachta.
- Próifíl na Gníomhaireachta a ardú, trí chaidreamh oiriúnach poiblí.
- Cur le díospóireachtaí maidir le ceisteanna polasaí le tionchar ar theaghlaigh maidir le feidhmeanna na Gníomhaireachta nó mar is mian leis an Aire a iarraidh.

PRÍOMHTHOSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

1. Suíomh Idirlín na Gníomhaireachta arna nuashonrú agus arna leathnú go leanúnach.
2. Eolas curtha ar fáil faoi oideachas um pósadh agus caidreamh, ar thuistiú agus ar fhreagrachtaí teaghlaigh, ar chothromú freagrachtaí oibre agus teaghlaigh agus ar idirghabháil teaghlaigh.
3. Eolas faoi sheirbhísí na Gníomhaireachta curtha ar fáil don phobail agus do pháirtithe leasmhara a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh.
4. Méadú ar thuiscint an phobail i leith na Gníomhaireachta.
5. Gnáthaimh fhoirmeálta curtha in áit, chun comhairle, eolas agus cúnamh a sholáthar don Aire.

Tosaíocht Straitéiseach 5: Eagraíocht éifeachtach, sholúbtha, chumasach a forbairt, le cultúr an bhróid, na nuálachta agus na feidhmíochta, a chothaíonn rannpháirtíocht agus forbairt phearsanta agus gairme ar gach leibhéal.

Cuspóir 12: Na hacmhainní a theastaíonn chun go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a oibriú go rathúil a aithint agus a fháil.

Cuspóir 13: Eagraíocht inmheánach na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a fheabhsú leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní sin.

Cuspóir 14: Tuilleadh forbartha ar an gcaidreamh oibreachais idir bainistíocht agus foireann na Gníomhaireachta agus na ceardchumainn maidir le forbairt leanúnach na Gníomhaireachta.

Cuspóir 15: Traenáil chuí agus forbairt chuí a chur ar fáil do lucht foirne na Gníomhaireachta.

GNÍOMHARTHA

- Dóthain acmhainní foirne a aithint agus a fháil chun gur féidir leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a cuid clár a reáchtáil agus a cuid oibleagáidí a chur i gcrích maidir le rialú corparáideach.
- De réir mar is gá, conarthaí le soláthraithe seachtracha a shocrú agus a bhainistiú chun míreanna oibre a dhéanamh nach féidir le soláthar foirne na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a chur i gcríoch.
- Féachaint chuige go ndéantar scileanna agus eolas a aistriú ó bhall foirne go chéile.
- Réimsí éagsúla oibre na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a chomhtháthú, d'fhonn cur lena héifeacht agus lena héifeachtúlacht.
- Caidreamh oibre a choinneáil ag obair trí chumarsáid idir bainistíocht agus foireann na Gníomhaireachta agus na ceardchumainn.
- Leanúint den phróiseas Páirtíochta a oibriú, rud a chuimsíonn bainistíocht agus foireann na Gníomhaireachta agus ionadaithe na gceardchumann.
- Córas um Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha na Gníomhaireachta a oibriú.
- Gach oibleagáid ábhartha Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.

PRÍOMHTHOSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

1. Dóthain acmhainní foirne ar fáil, le scileanna agus eolas a ndóthain acu chun oibleagáidí na Gníomhaireachta a chomhlíonadh.

2. An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach as seirbhísí a chuireann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar fáil faoi láthair.

3. Forbairt leanúnach ar an bpróiseas Páirtíochta agus ar an gCóras um Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha.

4. Cláracha traenála, tacaíochta agus forbartha curtha in áit i gcomhair lucht foirne na Gníomhaireachta.

5. Gach oibleagáid ábhartha Sláinte agus Sábháilteachta arna comhlíonadh ag an nGníomhaireacht.

4. Coraís agus Tacaíochtaí Eagraíochta

4. Coraís agus Tacaíochtaí Eagraíochta

Baineann tábhacht as cuimse le Tacaíochtaí áirithe Eagraíochta mar bhonn oibre chun tosaíochtaí straitéiseacha na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a chur i gcrích. Déantar cur síos san alt seo ar chuspóirí ginearálta na dtacaíochtaí sin agus ar an dóigh ina meastar go gcabhróidh siad leis an eagraíocht go hinmheánach agus leis an dóigh ina n-oibríonn cláracha na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh.

Freagracht agus Rialú Corparáide

Oibriú faoi Chód Cleachtais na Roinn Airgeadais um Rialú Cuideachtaí Stáit, mar mhaithe le trédhearcacht agus freagracht. I gceist anseo, beidh Rólanna agus Freagrachtaí ar a n-áirítear Stiúradh Ghnó an Bhoird, Pleanáil agus Straitéis Chorparáideach, Tuairisciú Airgeadais, Rialúcháin agus Caighdeáin Iompair inmheánacha. Is réimsí bunúsacha iad uile de rialachas maith ar son na Gníomhaireachta.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Leanúinte de struchtúr eagraíochta a fhorbairt, ina sannaítear go soiléir rólanna agus freagrachtaí, agus a thacaíonn le húsáid éifeachtach acmhainní foirne.

Úsáid acmhainní foirne de réir tiomantas atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach agus Forfheidhmithe.

Infheistiú in oiliúint agus i bhforbairt foirne trí scéimeanna oiliúna dírithe go sonrach ar sheirbhísí na Gníomhaireachta agus ar Chóras iomchuí um Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha a chur i bhfeidhm.

Acmhainní Airgeadais agus Luach Airgid

Maoiniú Rialtais a lorg, de réir na dTosaíochtaí agus na gCuspóirí a aithnítear sa Phlean.

Luach Airgid a léiriú trí chórais um dháileadh maoine a chur in áit, a bheidh trédhearcach. Cuirfidh na córais seo ar chumas na Gníomhaireachta dáiltí tráthúla a dhéanamh agus tuairisceoidh siad ar a bhfuil bainte amach agus ar fheidhmíocht i leith príomhspriocanna atá leagtha amach sna Pleananna Straitéiseacha agus Forfheidhmithe.

Cumarsáid

Ról, cuspóirí agus feidhmeanna na Gníomhaireachta a chur in iúl do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus don phobal i gcoitinne.

An Ghníomhaireacht a chur chun cinn, trí bhealaí iomchuí cumarsáide, mar shampla, bileoga eolais, nuachtlitreacha, an suíomh idirlín agus fógraíocht.

Cumarsáid laistigh den Ghníomhaireacht a neartú thar a háitribh éagsúla ar fud na tíre, trí bhealaí rialta, foirmeálta cumarsáide.

Próiseas na páirtíochta a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh úinéireacht i bpáirt idir príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha.

Caidreamh idir Páirtithe Leasmhara

An próiseas caidrimh i measc páirtithe leasmhara na Gníomhaireachta a fhorbairt chun cur leis an gcomhthuiscint agus leis an tuiscint ar riachtanais, agus, trí mheán na páirtíochta, seirbhísí tacaíochta den chéad scoth a sholáthar do theaghlaigh.

Scoth na gCaighdeán agus na gCóras a Fhorbairt

Caighdeáin um chleachtas is fearr a fhorbairt laistigh den Ghníomhaireacht agus i gcomhar le lucht leasmhara seachtracha na Gníomhaireachta, maidir le seachadadh seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh.

Faireachán agus measúnú rialta a dhéanamh ar a gcuirtear i gcrích agus ar fheidhmíocht de réir na bPleananna Straitéiseacha agus Forfheidhmithe.

Measúnú agus tuairisciú ar a bhfuil bainte amach, maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh ag deireadh na tréimhse trí bliana.

Áitribh na Gníomhaireachta

Cinntiú go bhfuil áitribh na Gníomhaireachta oiriúnach agus iad feistithe mar is cóir, ag teacht le riachtanais leanúnacha na Gníomhaireachta, ar gach slí.

Teicneolaíocht Faisnéise

Córais iomchuí sa teicneolaíocht faisnéise a bhunú, chun gur féidir leis an nGníomhaireacht a cuid faisnéise a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí.

5. Straitéis 2007–2009 na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a Chur i bhFeidhm

5.1 An Straitéis a Chur i bhFeidhm

5.2 Eagraíocht na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a Thógáil

5. Straitéis 2007-2009 na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a Chur i bhFeidhm

5.1 An Straitéis a Chur i bhFeidhm

Forbróidh an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh Plean um Chur i nGníomh mar chabhair chun an Straitéis a bhainistiú, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

Tógfar an Plean um Chur i nGníomh ar threo an Phlean Straitéisigh trí mheán gníomhaireachtaí sonraithe, freagrachtaí, frámaí ama agus nascanna, de réir mar a theastaíonn chun cuspóirí na Straitéise a bhaint amach.

Déanfar faireachán go rialta ar an dul chun cinn san fhorfheidhmiú, le cinntiú go gcoinnítear an Ghníomhaireacht ar an mbóthar ceart lena cuspóirí a chur i gcrích. Cuirfidh an próiseas forfheidhmithe athruithe suntasacha i bhfeidhm ar thimpeallacht na Gníomhaireachta, idir sheachtrach agus inmheánach. Déanfar pleanáil i gcomhair athruithe mar sin, nó braithfidh ag teacht iad, trí athruithe ar phróiseas na pleanála a cháipéisiú, mar thaifid.

Díreoidh an Ghníomhaireacht, chomh maith, ar bhunghníomhaíochtaí chun cabhrú le bunú eagraíocht na Gníomhaireachta. Déanfar struchtúr na heagraíochta a fhorbairt de réir na dtosaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis.

Bhí foireann na Gníomhaireachta rannpháirteach i bhforbairt na Straitéise seo. Beidh baint leanúnach na foirne mar chuid lárnach de chur i ngníomh agud d'fhaireachán rathúil ar dul chun cinn an Phlean Straitéise.

5.2 Eagraíocht na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a Thógáil

Sa tréimhse trí bliana atá romhainn, beidh tábhacht ag baint le comhdhlúthú agus le tógáil ar na nithe a baineadh amach faoin gcéad Phlean Straitéiseach. Le linn na tréimhse sin, bunaíodh agus seoladh an Ghníomhaireacht agus d'éirigh go maith léi i reáchtáil cláracha agus seirbhísí i ngach roinn dá réimse freagrachta. Tréimhse chinniúnach í sin anois maidir leis an rathúlacht sin a chomhdhlúthú agus agus a dhaingniú trí chumas eagraíocht na Gníomhaireachta a fhorbairt.

Tá sé tábhachtach anois, ach go háirithe:

- Na hacmhainní is gá chun gur féidir leis an nGníomhaireacht a feidhmeanna reachtúla faoin Acht um Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001, de réir mar a leagtar amach san acht sin iad.
- Socruithe a dhéanamh a cheadóidh don Ghníomhaireacht dóthain daoine le taithí iomchuí a chur ag obair chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach a thabhairt chun críche.

Aguisín

Feidhmeanna Reachtúla na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

Mar seo a leanas a leagtar amach feidhmeanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh leagtha amach san Acht um Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001, Alt 4:

4. (1) Beidh mar fheidhmeanna ag an nGníomhaireacht:

(a) seirbhís idirghabhála teaghlaigh a sholáthar,

(b) na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil, de réir mar a mheasann an Ghníomhaireacht iad a bheith riachtanach nó oiriúnach -

(i) idirghabháil teaghlaigh trí cibé daoine is iomchuí, dar léi,

(ii) oiliúint ar idirghabháil teaghlaigh, go díreach, nó trí cibé daoine is iomchuí, dar léi,

(c) tacú le seirbhísí comhairliúcháin um pósadh agus caidreamh agus tacaíochtaí teaghlaigh a sholáthar, a chur chun cinn agus a fhorbairt,

(d) faisnéis a fhógairt agus a scaipeadh, maidir le ceisteanna a bhaineann le hoideachas mar gheall ar phósadh agus ar chaidreamh, ar idirghabháil teaghlaigh, ar dhualgais tuistí agus teaghlaigh agus ar nithe gaolmhara, agus comhoibriú ina leith sin le húdaráis phoiblí eile, chun an saghas eolais a chur ar fáil do dhaoine a chabhróigh leo cothromóid a bhaint amach idir a bhfreagrachtaí oibre agus teaghlaigh,

(e) tacú le Clár Ionad Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail an Aire, agus é sin a chur chun cinn agus a fhorbairt,

(f) taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú, maidir lena cuid feidhmeanna nó le cibé ceisteanna eile a iarrfaidh an tAire,

(g) ar iarratas an Aire nó ar a conlán féin, comhairle, eolas agus cúnamh a sholáthar don Aire faoi ghné ar bith dá cuid feidhmeanna a fhorbairt,

(h) cúnamh airgid a sholáthar, faoi réir ag cead an Aire, agus de réir critéar leagtha síos faoi *Alt 7*, d'eagraíochtí deonacha, i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta agus riarachán chuige sin a dhéanamh maidir le —

(i) Scéim an Aire, ar a dtugtar an Scéim Deontas d'Eagraíochta Deonacha a sholáthraíonn Seirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, sCaidreamh, Leanaí agus Méala Báis.

(ii) clár an Aire ar a dtugtar an Clár Ionad Acmhainní Seirbhísí Teaghlaigh agus Pobail, agus

(iii) cibé scéimeanna, deontais nó áiseanna eile um chúnamh airgid a nglacfaidh an Aire leo, ó am go chéile, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais,

(i) pleananna straitéiseacha a ullmhú, faoi réir ag *Alt 9*,

(j) feidhmeanna breise arna sannadh don Ghníomhaireacht faoi *Alt 5* a chomhlíonadh.

4. (2) Le linn di bheith ag chomhlíonadh na bhfeidhmeanna atá bronnta uirthi faoin Acht nó de réir an Achta, breathnóidh an Ghníomhaireacht ar —

(a) a riachtanaí is atá sé cúnamh ar leith a thabhairt do dhaoine gafa le próiseas scartha nó colscartha teacht ar réiteach nuair is féidir, go háirithe in aighnis a bhaineann le leanaí.

(b) a riachtanaí is atá sé oibriú i gcomhar le húdaráis phoiblí eile agus le heagraíochtaí deonacha a bhaineann le hábhar.

(c) polasaí an Rialtais, maidir le comhghlacadh sóisialta.

(3) Beidh ag an nGníomhaireacht pé cumhachtaí a theastaíonn chun a feidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh, agus gach ní a bhaineann leo.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Plean Straitéiseach 2007-2009